An Roinn Oideachais
Department of Education

# Táscairí ar Chleachtas Éifeachtach do Bhunscoileanna

## Ag Tacú le Leanaí i Ranganna Príomhshrutha a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu





Próiseas ríthábhachtach maidir le feabhas a chur ar an soláthar oideachais agus ar thorthaí do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu is ea cleachtas machnaimh scoile uile. Tá táscairí ar chleachtas éifeachtach leagtha amach anseo chun tacú le cleachtais chuimsitheacha scoile uile.

Is féidir na táscairí sin a úsáid chun críocha pleanála mar chuid den phróiseas Féinmheastóireachta Scoile (FMS).

Is treoir iad do cheannairí scoile, d'fhoirne teagaisc agus don fhoireann ar fad, lena n-úsáid chun athbhreithniú agus machnamh a dhéanamh ar sholáthar na scoile do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Is féidir go n-áireofar leis sin na nithe seo a leanas:

- réimsí cleachtais éifeachtaigh reatha a shainaithint
- cur leis na cleachtais éifeachtacha sin
- tús áite a thabhairt do réimsí lena bhforbairt.

Tá trí rannán ann sna Táscairí seo.

## Rannán 1

- ina soláthraítear táscairí do scoileanna chun athbhreithniú a dhéanamh ar chleachtas cuimsitheach ar fud gach ceann de na hocht bprionsabal lena mbuntacaítear leis na Treoirlínte do Bhunscoileanna - Ag Tacú le Leanaí i Ranganna Príomhshrutha a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu.

## Rannán 2

- ina soláthraítear táscairí do scoileanna chun machnamh a dhéanamh orthu agus chun athbhreithniú a dhéanamh ar na próisis atá ar bun acu le haghaidh tacaíocht a shainaithint, a phleanáil agus a athbhreithniú ag gach leibhéal den Leanúntas Tacaíochta.

## Rannán 3


- ina dtugtar trí cinn d'eiseamláirí, nó de chás-staidéir, ina léirítear cén dóigh a gcuireann an próiseas réiteach fadhbanna bonn eolais faoin soláthar tacaíochta ag gach leibhéal den Leanúntas Tacaíochta. Cliceáil Anseo.

Is féidir aghaidh a thabhairt ar na réimsí lena bhforbairt, mar a shainaithneofar tar éis machnamh a dhéanamh, trí na Treoirlínte do Bhunscoileanna – Ag Tacú le Leanaí i Ranganna Príomhshrutha a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu a ghabhann leis seo agus/nó trí dhul i gcomhairle leis na seirbhísí iomchuí tacaíochta, lena n-áirítear an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta [CNOS], leis an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais [SNSO] agus/nó leis an gCigireacht. D'fhéadfadh an próiseas scoiltreoraithe sin aird a tharraingt freisin ar réimsí lena bhforbairt a bhféadfaí aghaidh a thabhairt orthu trí fhoghlaim spriocdhírithe ghairmiúil múinteoirí. Moltar do scoileanna líon beag réimsí tosaíochta atá réalaíoch agus iomchuí a shainaithint lena gcur faoi athbhreithniú spriocdhírithe.

# Rannán 1

## Na príomhphrionsabail lena mbuntacaítear le soláthar cuimsitheach oideachais

Is le hocht bprionsabal a sholáthraítear an bunús do scoileanna chun cur chun feidhme agus forbairt leanúnach a gcuid córas, struchtúr, cleachtas agus beartas a threorú chun tacú le cuimsiú gach linbh, lena n-áirítear iad sin a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Tá na prionsabail sin léirithe i bhFíor 1 thíos. Is féidir le scoileanna soláthar cuimsitheach tacaíochta teagaisc oideachais speisialta a athbhreithniú, a fhorbairt tuilleadh agus a chur chun feidhme do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu trí phlé leis na hocht bpríomhphrionsabal agus leis na táscairí gaolmhara ar chleachtas éifeachtach. Is féidir go mbeidh riachtanais speisialta oideachais ag leanaí ar fud roinnt réimsí, lena n-áirítear litearthacht, uimhearthacht, teanga agus cumarsáid, caidreamh sóisialta, forbairt mhothúchánach, forbairt chéadfach agus forbairt fhisiciúil.




*Fíor 1: Na príomhphrionsabail le haghaidh tacú le soláthar cuimsitheach oideachais scoile uile*

## Príomhphrionsabal 1:
## Córas Cuimsitheach Oideachais

Córas oideachais ina nglactar leis an éagsúlacht, is córas é a bhíonn sofhreagrúil do dhifríocht agus ar mór aige éagsúlacht. Is córas é ina sainaithnítear bacainní ar rochtain, ar rannpháirteachas agus ar ghnóthachtáil agus ina gcuirtear deireadh leis na bacainní sin.

| Táscaire: An chuma atá air seo i gcleachtas scoile | Forbartha | Ag forbairt |
|---|---|---|
| Tá an bord bainistíochta ar an eolas faoi na freagrachtaí atá air socruithe a dhéanamh do sholáthar cuimsitheach oideachais faoin reachtaíocht iomchuí oideachais[1]. | | |
| Déanann an bord bainistíochta socruithe le haghaidh plean scoile a ullmhú lena gcinntítear go mbíonn rochtain chothrom ag leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu ar gach gné de shaol na scoile, agus go mbíonn siad rannpháirteach iontu, a mhéid is mó is féidir. | | |
| Cinntíonn an bord bainistíochta go mbíonn rochtain ag gach leanbh ar oideachas ar ardchaighdeán agus ar theagasc agus foghlaim ar ardchaighdeán. | | |
| I gcomhar le ceannairí eile sa scoil, stiúrann an príomhoide an obair chun forbairt agus faireachán a dhéanamh ar bheartais chuimsitheacha scoile uile agus ar chleachtais atá bunaithe ar fhianaise agus atá sofhreagrúil do na riachtanais atá ag leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus chun na beartais agus na cleachtais sin a chur in iúl. | | |
| I gcomhar le príomhoide na scoile, cinntíonn an bord bainistíochta go bhfuil córais agus struchtúir scoile i bhfeidhm ina n-urramaítear an éagsúlacht agus ina bhfreagraítear ar bhealach cuimsitheach do dhifríocht. | | |
| Bíonn rochtain ag gach leanbh ar churaclam atá leathan, cothromaithe agus cuí. | | |
| Cuirtear ardionchais chuí in iúl ionas go mbainfidh gach leanbh, lena n-áirítear iad sin a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, barr a gcumais amach. | | |
| Tá córais i bhfeidhm chun sainaithint a dhéanamh ar na bacainní atá ar leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a bheith rannpháirteach agus rath a bhaint amach in éineacht lena gcomhdhaltaí agus chun na bacainní sin a íoslaghdú agus deireadh a chur leo. | | |
| **Réimsí tosaíochta lena bhforbairt tuilleadh:** | | |

[1] Lámhleabhar Rialachais do Bhunscoileanna 2023-2027
[1] Alt 15 den Acht Oideachais, 1998 (irishststutebook.ie)

## Príomhphrionsabal 2:
## Cultúr Cuimsitheach Scoile

Rud a thagann faoi fhreagracht an phobail scoile uile is ea cuimsiú, áit a bhfuil tuiscint chomhroinnte ann ar an ngá atá ann go ngnóthódh gach duine braistint muintearais agus ceangailteachta agus go mbraithfeadh siad go bhfuil meas orthu mar dhaoine den phobal sin. Fágann sé gur féidir le gach duine, a mhéid is mó is féidir, a bheith i láthair, a bheith rannpháirteach, nithe a bhaint amach agus tacaíocht a fháil i suíomhanna oideachais príomhshrutha.

| Táscaire: An chuma atá air seo i gcleachtas scoile | Forbartha | Ag forbairt |
|---|---|---|
| Tá tuiscint chomhroinnte ag an bpobal scoile uile ar chuimsiú lena ngealltar an éagsúlacht a urramú, agus bíonn an méid sin le feiceáil i ngach gné de shaol na scoile. | | |
| Cuirtear cultúr machnaimh chun cinn, áit a ndéantar breithmheas ar chleachtais chuimsitheacha i gcomhar le tuismitheoirí/caomhnóirí agus le leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. | | |
| Agus é ag cothú dearcthaí scoile uile i leith an chuimsithe, cumasaíonn cultúr cuimsitheach scoile do gach leanbh a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a bhrath go bhfuil meas orthu mar dhaoine den phobal scoile. | | |
| Is cuimsitheach atá beartais agus cleachtais na scoile, agus cinntíonn siad go nglacann leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu páirt fhiúntach ina gcuid foghlama agus go mbaineann siad dul chun cinn agus rath amach ina gcuid foghlama. | | |
| I gcomhar le ceannairí eile scoile, cinntíonn an príomhoide go bhfaigheann leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a gcuid oideachais in éineacht lena gcomhdhaltaí a mhéid is mó is féidir. | | |
| Cothaíonn gach ball foirne caidrimh dhearfacha shofhreagrúla, agus soláthraítear timpeallacht shábháilte fháilteach ina ngnóthaíonn leanaí braistint muintearais agus ceangailteachta sa phobal scoile. | | |
| I gcomhar le ceannairí eile scoile, cinntíonn an príomhoide go bhfuil freagracht chomhroinnte chomhchoiteann ar na baill foirne uile as freastal ar na riachtanais atá ag leanaí trí chleachtais chuimsitheacha scoile uile agus seomra ranga. | | |
| Réimsí tosaíochta lena bhforbairt tuilleadh | | |

## Príomhphrionsabal 3:
## Cur Chuige Comhoibríoch

Is é atá i gceist leis seo go n-oibríonn an pobal scoile uile, lena n-áirítear leanaí, múinteoirí agus tuismitheoirí/caomhnóirí, le chéile chun tacú go réamhghníomhach le leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

| Táscaire:<br>An chuma atá air seo i gcleachtas scoile | Forbartha | Ag forbairt |
|---|---|---|
| Is ann do chur chuige comhoibríoch pobail scoile uile, a mbíonn ról ag an leanbh, ag múinteoirí agus ag tuismitheoirí/caomhnóirí ann, chun tacú go héifeachtach agus go réamhghníomhach le foghlaim agus folláine leanaí. | | |
| Stiúrann príomhoide na scoile an próiseas comhoibríoch i gcomhar le múinteoir nó múinteoirí oideachais speisialta agus múinteoirí ranga. | | |
| Tugtar an-aird ar thuairimí na leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu le linn cinntí a dhéanamh ar a gcuid oideachais agus le linn pleanáil a dhéanamh chun freastal ar a riachtanais aonair. | | |
| Tá múinteoirí ranga freagrach as rannpháirteachas agus foghlaim gach linbh ina ranganna, agus comhoibríonn siad le múinteoirí oideachais speisialta chun cuimsiú fiúntach a chur chun cinn. | | |
| Is é atá i gceist leis an bpróiseas comhoibríoch pleanáil, machnamh, agus athbhreithniú ar bheartais agus cleachtais atá ann cheana, chun tacú le rannpháirteachas agus cuimsiú diongbháilte leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu ina gcuid foghlama agus i saol na scoile. | | |
| Is é atá i gceist le comhoibriú athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar bheartais agus cleachtais scoile maidir le cuimsiú agus soláthar do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, agus tagairt shonrach á déanamh do na nithe seo a leanas:<br>• sainaithint a dhéanamh ar láidreachtaí, riachtanais agus údair spéise<br>• sainaithint a dhéanamh ar riachtanais foghlama tosaíochta atá mar bhunús do shocrú spriocanna sa Phlean Tacaíochta Dalta<br>• faireachán a dhéanamh ar thorthaí agus ar fhreagairtí d'idirghabhálacha spriocdhírithe<br>• sainaithint agus faireachán a dhéanamh ar thorthaí | | |

| Táscaire:<br>An chuma atá air seo i gcleachtas scoile | Forbartha | Ag forbairt |
|---|---|---|
| Toisc ríthábhachtach maidir le feabhas a chur ar thorthaí do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu is ea comhoibriú le tuismitheoirí/caomhnóirí. Déantar comhoibriú le tuismitheoirí/caomhnóirí i ndáil leis na nithe seo a leanas:<br>• láidreachtaí, riachtanais agus údair spéise a linbh<br>• cineál na dtacaí agus na straitéisí atá i bhfeidhm chun tacú lena leanbh<br>• athbhreithnithe tráthrialta ar dhul chun cinn | | |
| Nuair is gá, déantar comhoibriú le gníomhaireachtaí seachtracha dóibh sin a bhfuil an leibhéal is mó riachtanais acu ar mhaithe le comhsheasmhacht a chinntiú i ndáil leis an tuiscint chomhroinnte ar riachtanais speisialta oideachais an linbh. Áirítear leis na gníomhaireachtaí sin SNSO, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, CNOS, agus Tusla. | | |
| Réimsí tosaíochta lena bhforbairt tuilleadh | | |

## Príomhphrionsabal 4:
## Folláine

Gné lárnach de sholáthar oideachais is ea na riachtanais folláine atá ag gach leanbh. Cothaítear muintearas agus ceangailteacht leis an bpobal scoile, agus léirítear iad, i mbeartas, pleanáil agus cleachtas scoile uile.

| Táscaire: An chuma atá air seo i gcleachtas scoile | Forbartha | Ag forbairt |
|---|---|---|
| Déantar folláine leanaí a fhorbairt agus a fheabhsú trína n-eispéireas ar scoil, lena n-áirítear éachtaí agus dúshláin a bhaintear amach trí ghníomhaíochtaí dea-phleanáilte foghlama a sholáthar, agus trí pháirt a ghlacadh i ngach gné de shaol na scoile, de réir mar is cuí. | | |
| Leagtar i soláthar oideachais an-díriú ar fholláine agus leas leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. | | |
| Tá tiomantas scoile uile ann dá chinntiú go dtugtar meas ar ghuth agus rannpháirteachas leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. | | |
| Cothaítear muintearas agus ceangailteacht leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu lena bpobal scoile, agus léirítear iad sna ceithre phríomhréimse den fholláine[2], lena n-áirítear iad seo a leanas:<br>• cultúr agus timpeallacht scoile<br>• curaclam (teagasc agus foghlaim)<br>• polasaí agus pleanáil<br>• caidrimh agus páirtnéireachtaí | | |
| Cothaítear an fholláine trí chaidrimh dhearfacha a fhorbairt idir leanaí agus a gcomhdhaltaí, agus idir leanaí agus aosaigh, sa phobal scoile. | | |
| Áirítear leis an eispéireas ar chaidrimh dhearfacha thacúla príomhaosach amháin ar a laghad sa chomhthéacs scoile ag a bhfuil eolas agus tuiscint ar láidreachtaí, riachtanais agus údair spéise an linbh. | | |
| Déanann múinteoirí breithniú ar riachtanais folláine leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu chun bonn eolais a chur faoi chineálacha cur chuige pleanála oideachais, soláthair oideachais, teagaisc, foghlama agus measúnaithe. | | |

[2] gov.ie - Folláine san Oideachas (www.gov.ie)

| Táscaire:<br>An chuma atá air seo i gcleachtas scoile | Forbartha | Ag forbairt |
|---|---|---|
| Téann múinteoirí i dteagmháil le leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus lena dtuismitheoirí/caomhnóirí chun gníomhaíochtaí sóisialta, fóillíochta agus áineasa a shainaithint, mar aon le deiseanna le haghaidh ginearálú scileanna, bunaithe ar a láidreachtaí agus a n-údair spéise aonair. | | |
| Cuireann an scoil rochtain ar ghníomhaíochtaí seach-churaclaim chun cinn do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, ar gníomhaíochtaí iad ina ndéantar a gcuid spéise a chothú agus a fhorbairt, agus ina dtugtar deiseanna le haghaidh teagmháil shóisialta leis an mórphobal. | | |
| Réimsí tosaíochta lena bhforbairt tuilleadh | | |

## Príomhphrionsabal 5:
## Rannpháirtíocht agus Rannpháirteachas

Breithnítear tuairimí leanaí i ngach ní a dhéanann difear dóibh. Tacaíonn beartais agus cleachtais scoile le rannpháirteachas diongbháilte leanaí ina gcuid foghlama agus i saol an phobail scoile.

| Táscaire: An chuma atá air seo i gcleachtas scoile | Forbartha | Ag forbairt |
|---|---|---|
| Gnóthaíonn leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu braistint muintearais, agus gabhann siad do rannpháirtíocht fhiúntach agus do rannpháirteachas gníomhach i ngach gné de shaol na scoile, lena n-áirítear gníomhaíochtaí sóisialta, fóillíochta agus áineasa, de réir mar is cuí. | | |
| Cinntíonn gach múinteoir go mbaineann leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu rath amach ina gcuid foghlama trí rannpháirteachas fiúntach agus rannpháirtíocht dhiongbháilte ina gcuid oideachais. | | |
| Tugtar ról do leanaí i gcinnteoireacht ar a gcuid oideachais, agus tugtar meas ar a dtuairimí. Tugtar aird sa phróiseas sin ar na sainroghanna pearsanta cumarsáide aonair atá ag leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. | | |
| Cinntíonn an príomhoide go léiríonn beartais agus cleachtais scoile tuairimí gach linbh, lena n-áirítear iad sin a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. | | |
| Bíonn ról ag leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu maidir lena gcuid láidreachtaí agus riachtanas féin a shainaithint, maidir le spriocanna foghlama a shocrú, agus maidir le faireachán a dhéanamh ar a ndul chun cinn agus ar a bhfreagairt don idirghabháil. | | |
| Glacann leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu páirt i bhfoirne éagsúla, amhail Comhairle Daltaí na scoile, agus déantar ionadaíocht dóibh orthu. | | |
| Réimsí tosaíochta lena bhforbairt tuilleadh | | |

## Príomhphrionsabal 6:
## Dírithe ar an Leanbh agus Bunaithe ar Riachtanais

Baineann scoileanna úsáid as an gCreat Leanúntais Tacaíochta agus as an bPróiseas Réiteach Fadhbanna chun na riachtanais speisialta oideachais atá ag leanaí a shainaithint agus chun freagairt do na riachtanais sin, agus chun faireachán a dhéanamh ar a bhfreagairt don idirghabháil. Bíonn riachtanais speisialta oideachais le sonrú feadh leanúntais, idir riachtanais éadroma, riachtanais shuntasacha, riachtanais shealadacha agus riachtanais bhuana. Aithnítear gur féidir go dtiocfaidh athrú ar riachtanais le himeacht ama.

| Táscaire:<br>An chuma atá air seo i gcleachtas scoile | Forbartha | Ag forbairt |
|---|---|---|
| Cinntíonn an príomhoide go mbíonn rochtain ag leanaí a bhfuil an leibhéal is mó riachtanais acu ar an leibhéal is mó tacaíochta. | | |
| Bíonn leibhéil na dtacaí a sholáthraítear do leanaí ailínithe lena riachtanais shainaitheanta speisialta oideachais. Is féidir go n-áireofar leo sin riachtanais foghlama, shóisialta agus mhothúchánacha, mar aon le riachtanais fhisiciúla, riachtanais chéadfacha, agus riachtanais teanga agus chumarsáide. | | |
| Baineann múinteoirí úsáid as an Leanúntas Tacaíochta agus as an bpróiseas réiteach fadhbanna chun na riachtanais speisialta oideachais atá ag leanaí a shainaithint agus chun freagairt do na riachtanais sin, agus chun faireachán a dhéanamh ar a bhfreagairt don idirghabháil. | | |
| Cinntíonn an príomhoide go bhforbraítear Comhad Tacaíochta Dalta do gach leanbh a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus go dtugtar cothrom le dáta é. | | |
| Cinntíonn an príomhoide go bhfuil Plean Tacaíochta Dalta ag leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, ar plean é a ndéantar faireachán agus athbhreithniú tráthrialta air. | | |
| Cinntíonn an príomhoide go n-éascaíonn múinteoir ainmnithe an chumarsáid riachtanach idir an leanbh, baill foirne scoile, tuismitheoirí/caomhnóirí, agus gairmithe seachtracha iomchuí. | | |
| Bíonn rochtain ag leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu ar churaclam atá leathan, iomchuí, cothromaithe agus cuimsitheach, trí chineálacha cuí cur chuige teagaisc a sholáthar atá curtha in oiriúint do láidreachtaí agus riachtanais aonair. | | |
| Bíonn forbairt iomlánaíoch leanaí ina gné lárnach dá n-oideachas, ionas gur féidir leo eolas agus raon leathan scileanna, inniúlachtaí agus luachanna a fhorbairt a chumasaíonn folláine phearsanta, saoránacht ghníomhach agus foghlaim ar feadh an tsaoil. | | |
| Réimsí tosaíochta lena bhforbairt tuilleadh | | |

## Príomhphrionsabal 7:
## Cleachtas agus Torthaí atá Bunaithe ar Fhianaise

Bíonn na hidirghabhálacha agus na tacaí a sholáthraítear do leanaí aonair bunaithe ar fhianaise agus ar láidreachtaí sainaitheanta foghlama agus riachtanais shainaitheanta foghlama a bhailítear ó raon foinsí éagsúla. Déantar sainaithint agus faireachán ar thorthaí bunaithe ar fhreagairt an linbh d'idirghabhálacha spriocdhírithe.

| Táscaire:<br>An chuma atá air seo i gcleachtas scoile | Forbartha | Ag forbairt |
|---|---|---|
| Tar éis láidreachtaí agus riachtanais a shainaithint go cuimsitheach, baineann múinteoirí leas as cleachtais atá bunaithe ar fhianaise chun tacú le forbairt scileanna foghlama, sóisialta, mothúchánacha, cumarsáide agus saoil. | | |
| Tá córais scoile uile i bhfeidhm chun a chinntiú go n-úsáidtear freagairt leanaí don idirghabháil chun faireachán a dhéanamh ar thorthaí le himeacht ama agus chun riachtanais éiritheacha a shainaithint. | | |
| Bíonn díriú scoile uile ann ar thimpeallacht dhearfach foghlama a bhunú do chách. | | |
| Cinntíonn múinteoirí go mbíonn idirghabhálacha curtha in oiriúint do chomhthéacs an linbh sa suíomh scoile, agus deiseanna ann le haghaidh ginearálú scileanna i suíomhanna eile, mar shampla sa mhórphobal scoile agus áitiúil agus sa bhaile. | | |
| Tá córais i bhfeidhm chun faisnéis a bhailiú ó raon éagsúil foinsí, lena n-áirítear measúnú foirmiúil agus neamhfhoirmiúil scoilbhunaithe, chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:<br>• sainaithint a dhéanamh ar láidreachtaí agus riachtanais foghlama<br>• údair imní tosaíochta a shainaithint<br>• bonn eolais a chur faoi spriocanna atá sonrach, intomhaiste, inghnóthaithe, réalaíoch agus faoi cheangal ama<br>• athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfreagairt don idirghabháil | | |
| Glactar cur chuige scoile uile i leith a chinntiú go mbíonn na hidirghabhálacha a roghnaítear le haghaidh scileanna a fhorbairt ar fud gach réimse forbartha bunaithe ar láidreachtaí, údair spéise, aois agus céim forbartha an linbh. | | |

| Táscaire:<br>An chuma atá air seo i gcleachtas scoile | Forbartha | Ag forbairt |
|---|---|---|
| Tugann lucht bainistíochta na scoile cúnamh do mhúinteoirí gabháil d'fhoghlaim iomchuí ghairmiúil múinteoirí chun acmhainn a fhorbairt agus chun a n-inniúlachtaí féin a fhorbairt maidir le sainaithint, cur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh ar chineálacha cur chuige atá bunaithe ar fhianaise. | | |
| Taifeadtar sa Phlean Tacaíochta Dalta spriocanna atá sonrach, intomhaiste, inghnóthaithe, réalaíoch agus faoi cheangal ama, idirghabhálacha, agus an fhreagairt d'idirghabhálacha. Déantar athbhreithniú ar an bPlean Tacaíochta Dalta, agus tugtar cothrom le dáta go tráthrialta é. | | |
| **Réimsí tosaíochta lena bhforbairt tuilleadh** | | |

## Príomhphrionsabal 8:
## Rialachas agus Cuntasacht

Is acmhainn imfhálaithe é an leithdháileadh acmhainní teagaisc oideachais speisialta, agus tá sé le húsáid chun tacaí breise spriocdhírithe a sholáthar do leanaí a bhfuil riachtanais shainaitheanta agus thaifeadta speisialta oideachais acu agus chuige sin amháin. Tá scoileanna cuntasach i leith an reachtaíocht iomchuí agus na ciorcláin iomchuí ón Roinn a chomhlíonadh agus acmhainní teagaisc oideachais speisialta á n-imscaradh i gceart acu.


| Táscaire:<br>An chuma atá air seo i gcleachtas scoile | Forbartha | Ag forbairt |
|---|---|---|
| I gcomhar le príomhoide na scoile, cinntíonn an bord bainistíochta go n-imscartar acmhainní teagaisc oideachais speisialta chun na críche ar chuici a leithdháileadh iad, is é sin: tacaíocht bhreise a sholáthar do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, mar atá taifeadta sa Sceideal maidir le hImscaradh Múinteoirí Oideachais Speisialta do Leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu (Treoirlínte, Aguisín 2). | | |
| Comhlíonann an t-imscaradh acmhainní teagaisc oideachais speisialta an reachtaíocht iomchuí[3] agus na ciorcláin iomchuí ón Roinn. | | |
| Tá beartas cuimsitheach scoile maidir le hoideachas leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu ar fáil, agus cuirtear in iúl don phobal scoile é. | | |
| Áirítear le beartais scoile mionsonraí faoi ligean isteach agus rannpháirteachas leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus faoi na socruithe le haghaidh na leanaí sin a shainaithint agus le haghaidh freastal orthu. | | |
| Déanann an príomhoide formhaoirseacht ar bhunú agus cothabháil an Phlean Soláthair Scoile (Treoirlínte, Aguisín 1), agus cinntíonn sé/sí go dtaifeadtar sa phlean ainm na leanaí ar sainaithníodh go bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus a bhaineann leas as tacaí teagaisc oideachais speisialta. | | |
| Bíonn na baill foirne uile ar an eolas faoin bhfreagracht atá orthu as cuimsiú leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu sa phobal scoile. | | |
| **Réimsí tosaíochta lena bhforbairt tuilleadh** | | |

[3] An tAcht Oideachais, 1998

# Rannán 2

## Táscairí ar Chleachtas Éifeachtach – An Próiseas Réiteach Fadhbanna a Chur Chun Feidhme ar fud an Leanúntais Tacaíochta

Leagtar amach sa rannán seo táscairí ar chleachtas éifeachtach maidir le hullmhúchán agus pleanáil a dhéanamh ag leibhéal na **Tacaíochta Seomra Ranga do Chách**, ag leibhéal na **Tacaíochta Scoile do Roinnt** agus ag leibhéal na **Tacaíochta Scoile Móide do Bheagán** den Leanúntas Tacaíochta (Fíor 2).




Tá sé seo ceaptha mar threoir chun tacú le scoileanna ullmhú, pleanáil agus machnamh a dhéanamh ar chleachtais chuimsitheacha le linn an Próiseas Réiteach Fadhbanna (Fíor 3) a ch ur chun feidhme ag gach leibhéal den Leanúntas Tacaíochta. Tá na príomhchéimeanna sa phróiseas sin leagtha amach ag gach leibhéal.

*Fíor 2 - An Leanúntas Tacaíochta*

Sa rannán seo, cuirtear freisin leis an bpróiseas le haghaidh riachtanais a shainaithint ar fud an Leanúntais Tacaíochta, mar atá leagtha amach i Rannán 4 de na Treoirlínte, agus le haghaidh freagairt do na riachtanais sin, agus ba cheart é a úsáid i gcomhar leis na Treoirlínte le linn beartais chuimsitheacha a fhorbairt agus chun machnamh a dhéanamh ar chleachtais chuimsitheacha scoile. Cuirtear béim ag gach leibhéal den Leanúntas Tacaíochta ar chleachtais chomhoibríocha atá dírithe ar an leanbh agus atá bunaithe ar láidreachtaí agus ar riachtanais, ar cleachtais iad a éascaíonn cuimsiú gach linbh a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Tá an próiseas réiteach fadhbanna léirithe i bhFíor 3 thíos.




*Fíor 3 - An próiseas réiteach fadhbanna*

## **Tacaíocht Seomra Ranga do Chách:** An Próiseas Réiteach Fadhbanna

Is í Tacaíocht Seomra Ranga an chéad fhreagairt ón múinteoir ranga i gcás go dtagann údair imní chun cinn i ndáil le foghlaim, folláine agus/nó forbairt shochmhothúchánach linbh. Is ag an bpointe sin a dhéantar oiriúnuithe tosaigh ar luas, soláthar agus inneachar mar chuid de dhea-chleachtas teagaisc chun a chinntiú gur féidir le gach leanbh a bheith rannpháirteach ina gcuid foghlama.

| Táscaire:<br>An chuma atá air seo i gcleachtas scoile | Forbartha | Ag forbairt |
|---|---|---|
| Is ar an múinteoir ranga atá an fhreagracht phríomhúil as teagasc, foghlaim agus measúnú gach linbh ina s(h)eomra ranga. | | |
| Déanann múinteoirí ranga faireachán ar an timpeallacht foghlama, agus oiriúnaíonn siad í, chun freastal ar na láidreachtaí agus na riachtanais éagsúla atá ag leanaí ina seomra ranga. Déantar oiriúnuithe ar an timpeallacht teagaisc agus foghlama, nó déantar socruithe sa timpeallacht sin, chun rannpháirteachas agus rannpháirtíocht gach linbh a éascú, lena n-áirítear:<br>• tosca fisiciúla – leagan amach agus eagrú an spáis seomra ranga agus na dtimpeallachtaí scoile.<br>• cineálacha uilechoiteanna cur chuige i leith an teagaisc, na foghlama agus an mheasúnaithe<br>• ionchais agus gnáthaimh a chur in iúl<br>• oiriúnuithe agus socruithe chun spéis gach foghlaimeora a mhealladh agus a chothú agus chun iad a inspreagadh | | |
| Taifeadann múinteoirí ranga rannpháirteachas agus foghlaim na leanaí uile ina seomra ranga, agus déanann siad faireachán orthu trí leas a bhaint as cineálacha cur chuige measúnaithe fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil, lena n-áirítear measúnú curaclambhunaithe agus breathnóireacht an mhúinteora. Tugtar aghaidh ar údair imní a bhaineann le dul chun cinn agus rannpháirteachas leanaí aonair mar chuid den obair thráthrialta a dhéantar chun ceachtanna a phleanáil agus a athbhreithniú. | | |
| Leanann múinteoirí ranga próiseas réiteach fadhbanna an Leanúntais Tacaíochta i gcás go sainaithnítear údair imní i ndáil le foghlaim agus rannpháirteachas leanaí aonair. | | |
| Téann múinteoirí ranga i gcomhairle le tuismitheoirí agus leanaí i gcás go sainaithnítear riachtanais i ndáil leis an bhfoghlaim agus/nó rannpháirteachas, chun a t(h)uairimí a fháil ar na nithe seo a leanas:<br>• na bealaí inar fearr leis/léi foghlaim agus na nithe a inspreagann é/í<br>• cúiseanna féideartha leis na deacrachtaí a breathnaíodh, e.g., tosca teanga nó sóisialta<br>• tuairimí tuismitheoirí ar na straitéisí nó na cineálacha cur chuige a d'fhéadfadh a bheith cabhrach maidir le tacú lena leanbh | | |

| Táscaire:<br>An chuma atá air seo i gcleachtas scoile | Forbartha | Ag forbairt |
|---|---|---|
| Cinntíonn múinteoirí ranga go n-oiriúnaítear cineálacha cur chuige teagaisc, measúnaithe agus foghlama chun rannpháirtíocht fhiúntach agus rannpháirteachas fiúntach a éascú i gcás gur sainaithníodh údair imní. | | |
| I gcás gur ann d'údair imní shuntasacha i ndáil le rannpháirteachas agus rannpháirtíocht linbh aonair go fóill, beag beann ar oiriúnuithe a dhéanamh ar an timpeallacht foghlama agus/nó ar chineálacha cur chuige teagaisc agus foghlama, téann an múinteoir ranga i gcomhairle leis an bpríomhoide agus/nó leis an múinteoir oideachais speisialta chun comhairle a fháil. | | |
| I gcás go gcomhaontaítear amhlaidh tar éis dul i gcomhairle leis an bpríomhoide agus/nó leis an múinteoir oideachais speisialta, le tuismitheoirí agus leis an leanbh, taifeadann an múinteoir ranga aon tacaíocht, aon oiriúnuithe agus/nó aon socruithe atá spriocdhírithe don duine aonair i bPlean Tacaíochta Seomra Ranga. | | |
| I gcás go gcomhaontaítear Plean Tacaíochta Seomra Ranga le tuismitheoirí/caomhnóirí, osclaíonn an múinteoir ranga Comhad Tacaíochta Dalta. | | |
| Taifeadann an múinteoir ranga gach gníomh agus coinníonn sé/sí cóipeanna den Phlean Tacaíochta Seomra Ranga nó de na Pleananna Tacaíochta Seomra Ranga sa Chomhad Tacaíochta Dalta. | | |
| Cinntíonn an príomhoide go dtaifeadtar sa **Phlean Soláthair Scoile do Leanaí ar Sainaithníodh go bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu** (Aguisín 1, Treoirlínte) ainm, nó aitheantóirí, na leanaí uile a fhaigheann tacaíocht ag leibhéal na Tacaíochta Seomra Ranga (do Chách). | | |
| Déanann an múinteoir ranga faireachán agus athbhreithniú ar dhul chun cinn, agus taifeadann sé/sí é, agus, i gcomhar leis an leanbh, le tuismitheoirí/caomhnóirí, leis an bpríomhoide agus leis an múinteoir oideachais speisialta, comhaontaíonn sé/sí<br>• go mbíonn an leanbh ag freagairt don idirghabháil, agus, sa chás sin, leantar ar aghaidh le tacaíocht a sholáthar ag an leibhéal seo ar feadh tréimhse chomhaontaithe.<br>• nach mbíonn an leanbh ag freagairt don idirghabháil ar an tslí a rabhthas ag súil léi, agus, sa chás sin, breithnítear tacaíocht ag leibhéal na Tacaíochta Scoile do Roinnt. | | |
| **Réimsí tosaíochta lena bhforbairt tuilleadh** | | |

## Tacaíocht Scoile do Roinnt:
### An Próiseas Réiteach Fadhbanna

Tá Próiseas níos spriocdhírithe Réiteach Fadhbanna i gceist le Tacaíocht Scoile do Roinnt, áit a gcuirtear leis an bhfaisnéis a bailíodh agus leis na hidirghabhálacha a rinneadh ag leibhéal na Tacaíochta Seomra Ranga do Chách. Tá Tacaíocht Scoile do Roinnt ag teastáil i gcás go bhfuil riachtanais an linbh de chineál dianseasmhach buan agus/nó nach ndearna sé/sí dul chun cinn dóthanach mar fhreagairt don idirghabháil ag leibhéal na Tacaíochta Seomra Ranga.

| Táscaire: An chuma atá air seo i gcleachtas scoile | Forbartha | Ag forbairt |
|---|---|---|
| I gcomhar leis an múinteoir ranga, soláthraíonn an múinteoir oideachais speisialta tacaíocht bhreise teagaisc do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. | | |
| Gabhann múinteoirí oideachais speisialta d'fhoghlaim ghairmiúil múinteoirí chun uasoiliúint agus chun forbairt a dhéanamh ar an eolas, na hinniúlachtaí agus na scileanna a theastaíonn chun tacaíocht ar ardchaighdeán a sholáthar do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. | | |
| Cinntíonn múinteoirí oideachais speisialta go dtaifeadtar i **gComhad Tacaíochta Dalta** an fhaisnéis ar fad a bhaineann leis na riachtanais speisialta oideachais atá ag leanaí. | | |
| Taifeadann múinteoirí oideachais speisialta sa **Phlean Soláthair Scoile do Leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu** (Aguisín 1, Treoirlínte) ainm, nó aitheantóirí, na leanaí uile a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a fhaigheann tacaíocht teagaisc oideachais speisialta. | | |
| I gcomhar leis an bpríomhoide agus le múinteoirí ranga, stiúrann múinteoirí oideachais speisialta an obair chun tacaí breise a shainaithint, a ullmhú, a phleanáil, a sholáthar agus a amchlárú do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. | | |
| Léirítear cur chuige atá solúbtha agus atá dírithe ar an leanbh i leith na hidirghabhála trí mheascán de thacaíocht sa rang, de thacaíocht do ghrúpaí beaga agus/nó de thacaíocht do dhaoine aonair a sholáthar. | | |
| I gcás go bhfuil ról ag níos mó ná múinteoir oideachais speisialta amháin maidir leis an tacaíocht bhreise teagaisc a sholáthar, glacann múinteoir oideachais speisialta amháin an phríomhfhreagracht as an bpróiseas pleanála a stiúradh, as tacaí a chomhordú don leanbh lena mbaineann, agus as cumarsáid a dhéanamh le múinteoirí iomchuí, le tuismitheoirí/caomhnóirí agus le gníomhaireachtaí seachtracha, nuair is cuí. | | |

| Táscaire:<br>An chuma atá air seo i gcleachtas scoile | Forbartha | Ag forbairt |
|---|---|---|
| Cinntíonn múinteoirí oideachais speisialta go ndéantar **Plean Tacaíochta Dalta** a fhorbairt, a chur chun feidhme agus a athbhreithniú do gach leanbh a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu dá soláthraíonn siad tacaíocht bhreise teagaisc. | | |
| Sainaithníonn múinteoirí oideachais speisialta láidreachtaí, riachtanais agus údair spéise aonair leanaí trí mheasúnú foirmiúil agus neamhfhoirmiúil. | | |
| Forbraíonn an múinteoir oideachais speisialta **Plean Tacaíochta Dalta** ar bhonn comhoibríoch, ar plean é lena n-áirítear na nithe seo a leanas:<br>• réimsí tosaíochta le haghaidh idirghabháil spriocdhírithe<br>• spriocanna atá sonrach, intomhaiste, inghnóthaithe, réalaíoch agus faoi cheangal ama<br>• leibhéal agus cineál na hidirghabhála a sholáthraítear<br>• mionsonraí faoi na pearsana a bhfuil baint acu le hidirghabhálacha a chur chun feidhme<br>• athbhreithniú ar an bhfreagairt don idirghabháil. | | |
| Pleanálann múinteoirí oideachais speisialta ceachtanna, a bhíonn ailínithe leis na riachtanais tosaíochta agus leis na spriocanna atá sonrach, intomhaiste, inghnóthaithe, réalaíoch agus faoi cheangal ama atá leagtha amach i bPleananna Tacaíochta Dalta, chun idirghabhálacha atá bunaithe ar fhianaise a chur chun feidhme go héifeachtach ar mhaithe le freastal ar na riachtanais atá ag daoine aonair agus/nó ag grúpaí beaga leanaí dá soláthraíonn siad tacaíocht. | | |
| Léirítear i **bPleananna Tacaíochta Dalta** dul chun cinn soiléir ar na spriocanna a chomhlíonadh le himeacht ama, agus áirítear leo modhnuithe ar chineálacha cur chuige teagaisc. | | |
| I gcás nach mbíonn spriocanna á gcomhlíonadh, stiúrann an múinteoir oideachais speisialta an obair chun a chinntiú go mbristear síos iad ina mbearta incriminteacha beaga, go n-oiriúnaítear cineálacha cur chuige teagaisc agus foghlama, agus/nó go n-athraítear na spriocanna, de réir mar is gá. | | |
| I gcás go gcomhaontaítear, tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn, go dteastaíonn tacaíocht ag leibhéal na **Tacaíochta Scoile do Roinnt** ó leanbh go fóill, leantar ar aghaidh leis an timthriall réiteach fadhbanna agus leis an idirghabháil spriocdhírithe, bunaithe ar dhul chun cinn an linbh agus ar a f(h)reagairt don idirghabháil. | | |

| Táscaire:<br>An chuma atá air seo i gcleachtas scoile | Forbartha | Ag forbairt |
|---|---|---|
| I gcás go gcomhaontaítear, tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn, go ndearna leanbh dul chun cinn suntasach agus gur fhreagair sé/sí go maith don idirghabháil, déantar breithniú ar thacaíocht a sholáthar ag leibhéal na **Tacaíochta Seomra Ranga do Chách**. | | |
| I gcás go gcomhaontaítear, tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn, nach ndearna leanbh aon dul chun cinn nó nár fhreagair sé/sí don idirghabháil ar an tslí a rabhthas ag súil léi, agus go bhfuil leibhéal níos airde riachtanais aige/aici a fhágann go dteastaíonn leibhéal níos airde tacaíochta uaidh/uaithi de dheasca éilimh athraitheacha sa timpeallacht agus/nó sa churaclam, déantar breithniú ar thacaíocht a sholáthar ag leibhéal na **Tacaíochta Scoile Móide do Bheagán**. | | |
| Réimsí tosaíochta lena bhforbairt tuilleadh | | |

## Tacaíocht Scoile Móide do Bheagán:
### An Próiseas Réiteach Fadhbanna

Na leanaí a dtacaítear lena riachtanais speisialta oideachais ag leibhéal na Tacaíochta Scoile Móide do Bheagán, **is iad sin na leanaí a bhfuil an leibhéal is mó riachtanais acu.** Is féidir go n áireofar leo sin leanaí ar sainaithníodh a riachtanais a bheith suntasach agus buan, agus iad sin nár fhreagair don idirghabháil ar an tslí a rabhthas ag súil léi ag leibhéal na Tacaíochta Scoile do Roinnt.

| Táscaire:<br>An chuma atá air seo i gcleachtas scoile | Forbartha | Ag forbairt |
|---|---|---|
| Is ionann na múinteoirí oideachais speisialta a sholáthraíonn tacaíocht ag an leibhéal seo den Leanúntas Tacaíochta agus na daoine a bhfuil an leibhéal is airde saineolais, taithí agus forbartha gairmiúla acu i ndáil le tacú le leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. | | |
| Cinntíonn múinteoirí oideachais speisialta go dtaifeadtar i **gComhad Tacaíochta Dalta** an fhaisnéis ar fad a bhaineann leis na riachtanais speisialta oideachais atá ag leanaí. | | |
| Taifeadann múinteoirí oideachais speisialta sa **Phlean Soláthair Scoile do Leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu** (Aguisín 1, Treoirlínte) ainm, nó aitheantóirí, na leanaí uile a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a fhaigheann tacaíocht teagaisc oideachais speisialta ag leibhéal na Tacaíochta Scoile Móide do Bheagán. | | |
| I gcomhar leis an bpríomhoide agus le múinteoirí ranga, stiúrann múinteoirí oideachais speisialta an obair chun tacaí spriocdhírithe breise a shainaithint, a ullmhú, a phleanáil, a sholáthar agus a amchlárú do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu ag an leibhéal seo. | | |
| Léirítear cur chuige atá solúbtha agus atá dírithe ar an dalta i leith na hidirghabhála trí mheascán de thacaíocht sa rang, de thacaíocht do ghrúpaí beaga agus/nó de thacaíocht do dhaoine aonair a sholáthar. | | |
| Oibríonn an múinteoir oideachais speisialta nó na múinteoirí oideachais speisialta agus an múinteoir ranga i gcomhar le chéile, agus cinneann siad an dóigh a n-eagrófar na tacaí a sholáthraítear do leanaí a bhfuil riachtanais shainaitheanta speisialta oideachais acu. | | |

| Táscaire:<br>An chuma atá air seo i gcleachtas scoile | Forbartha | Ag forbairt |
|---|---|---|
| I gcomhar leis an múinteoir ranga, cinntíonn an múinteoir oideachais speisialta nó na múinteoirí oideachais speisialta go ndéantar **Plean Tacaíochta Dalta** a fhorbairt, a chur chun feidhme agus a athbhreithniú do gach leanbh a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu dá soláthraíonn sé/sí nó siad tacaíocht bhreise teagaisc go díreach. | | |
| I gcomhar leis an múinteoir ranga nó na múinteoirí ranga, sainaithníonn an múinteoir oideachais speisialta nó na múinteoirí oideachais speisialta aon ghníomhaireachtaí seachtracha a bhfuil ról acu maidir le tacú le leanbh a bhfuil riachtanais shuntasacha fhadtéarmacha aige/aici, agus déanann sé/sí nó siad cumarsáid leo, agus iarrann sé/sí nó siad orthu faisnéis a sholáthar a d'fhéadfadh a bheith ábhartha maidir le tacú leis an leanbh sa chomhthéacs scoile. | | |
| I gcomhar leis an múinteoir ranga, cinntíonn an múinteoir oideachais speisialta nó na múinteoirí oideachais speisialta gurb é atá i gceist leis an bpróiseas réiteach fadhbanna ag leibhéal na Tacaíochta Scoile Móide do Bheagán láidreachtaí, riachtanais agus údair spéise a shainaithint ar fud gach réimse forbartha, mar chuid de chur chuige iomlánaíoch comhoibríoch. | | |
| Forbraíonn an múinteoir oideachais speisialta nó na múinteoirí oideachais speisialta **Plean Tacaíochta Dalta** i gcomhar leis an leanbh, leis an múinteoir ranga agus le tuismitheoirí/caomhnóirí, ar plean indibhidiúlaithe é ina léirítear riachtanais tosaíochta an linbh ar fud príomhréimsí tacaíochta. Áirítear leis sin:<br><br>• réimsí tosaíochta le haghaidh idirghabháil spriocdhírithe atá bunaithe ar fhianaise<br>• spriocanna atá sonrach, intomhaiste, inghnóthaithe, réalaíoch agus faoi cheangal ama<br>• leibhéal agus cineál na hidirghabhála a sholáthraítear<br>• ról agus freagrachtaí na bpearsan a bhfuil baint acu le hidirghabhálacha a chur chun feidhme<br>• taifead ar an bhfreagairt don idirghabháil, rud a ndéantar faireachán agus athbhreithniú dlúth air go tráthrialta | | |
| Déantar comhoibriú agus cumarsáid idir múinteoirí ranga, múinteoirí oideachais speisialta, tuismitheoirí/caomhnóirí, agus an leanbh chun sainaithint agus pleanáil a dhéanamh ar na straitéisí teagaisc, na cineálacha cur chuige atá bunaithe ar fhianaise, na hidirghabhálacha agus na hoiriúnuithe curaclaim atá ar na cinn is cuí chun freastal ar riachtanais an linbh. | | |

| Táscaire: An chuma atá air seo i gcleachtas scoile | Forbartha | Ag forbairt |
|---|---|---|
| Nuair is cuí, doiciméadaítear sa Phlean/Comhad Tacaíochta Dalta an ról atá ag an gcúntóir riachtanas speisialta maidir le tacú le cur chun feidhme na spriocanna a bhaineann le riachtanais chúraim phríomhúil agus thánaistigh an linbh. | | |
| Léirítear i bPleananna Tacaíochta Dalta dul chun cinn soiléir ar na spriocanna a chomhlíonadh le himeacht ama, agus áirítear leo modhnuithe ar chineálacha cur chuige teagaisc, de réir mar is cuí chun spriocanna a bhaint amach. | | |
| I gcás go gcomhaontaítear, bunaithe ar athbhreithniú ar dhul chun cinn, nach mbíonn spriocanna á gcomhlíonadh, cinntíonn an múinteoir oideachais speisialta go mbristear síos iad ina mbearta incriminteacha beaga, go n-oiriúnaítear cineálacha cur chuige teagaisc agus foghlama, agus/nó go n-athraítear na spriocanna, de réir mar is gá. | | |
| I gcás go gcomhaontaítear, tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn, go dteastaíonn tacaíocht ag leibhéal na **Tacaíochta Scoile Móide do Bheagán** ó leanbh go fóill, leantar ar aghaidh leis an timthriall réiteach fadhbanna agus leis an idirghabháil spriocdhírithe, bunaithe ar dhul chun cinn an linbh agus ar a f(h)reagairt don idirghabháil. | | |
| I gcás go gcomhaontaítear, tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn, go ndearna leanbh dul chun cinn suntasach agus gur fhreagair sé/sí go maith don idirghabháil, déantar breithniú ar thacaíocht a sholáthar ag leibhéal na **Tacaíochta Scoile do Roinnt nó ag leibhéal na Tacaíochta Seomra Ranga do Chách** | | |
| I gcás go gcomhaontaítear, tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn, nach ndearna leanbh aon dul chun cinn nó nár fhreagair sé/sí don idirghabháil ar an tslí a rabhthas ag súil léi, déanann an múinteoir oideachais speisialta nó an príomhoide breithniú ar dhul i gcomhairle le gníomhaireachtaí seachtracha, e.g., CNOS, SNSO, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Tusla, nó ar bhreathnú ar an bPlean/Comhad Tacaíochta Dalta. | | |
| Réimsí tosaíochta lena bhforbairt tuilleadh | | |

Tá an doiciméad seo ar fáil ar shuíomh Gréasáin na Roinne Oideachais:
**www.education.gov.ie**

An Roinn Oideachais
Department of Education